C/2025/942

6.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11859 – ARROW GLOBAL / IQERA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/942)

1. An 29 Eanáir 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Arrow Global Group Limited ('Arrow Global', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú TDR Capital LLP (an Ríocht Aontaithe),

— iQera Group S.A.S. ('iQera', an Fhrainc).

Gheobhaidh Arrow Global rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar iQera ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Arrow Global: bainistiú infheistíochta agus sócmhainní sna réimsí a leanas: Iasachtaí Neamhthuillmheacha Eorpacha agus sócmhainní neamhlárnacha, bailiú fiachais agus ceannach fiachais. Tá Arrow Global gníomhach sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin, in Éirinn, san Iodáil, san Ísiltír, sa Phortaingéil agus sa Spáinn,

— iQera: bailiú fiachais agus seirbhísiú fiachais do thionscnóirí fiachais tríú páirtí le haghaidh gach cineál fiachais agus ceannaigh fiachais. Tá iQera gníomhach sa Fhrainc agus san Iodáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11859 – ARROW GLOBAL / IQERA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË